Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021
(OR. en)

5488/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0199(COD)

FSTR 7
REGIO 7
FC 1
CADREFIN 32
RELEX 35
CODEC 75

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh Rialacháin maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh[1] (Rialachán Interreg), atá mar chuid de phacáiste reachtach an Bheartais Chomhtháthaithe do 2021-2027. I gcomhréir le hAirteagail 174, 176 agus 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é is cuspóir beartais uileghabhálach Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú, trí na héagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla an Aontais a laghdú, agus astu sin, tá aird ar leith le tabhairt ar chatagóirí áirithe réigiún, lena n-áirítear tagairt shonrach do réigiúin trasteorann. Le Rialachán Interreg, glactar forálacha sonracha ina gcomhoibríonn Ballstát amháin nó níos mó agus a réigiúin, chomh maith le Ballstát amháin nó níos mó agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus a réigiúin, thar theorainneacha.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 19 Meán Fómhair 2018[2] agus ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 5 Nollaig 2018[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh i ndáil le Rialachán Interreg ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 26 Márta 2019.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha Rialachán Interreg atá beartaithe i roinnt cruinnithe faoi Uachtaránacht na Bulgáire, na hOstaire, na Rómáine, na Fionlainne, na Cróite agus na Gearmáine.

5. An 29 Bealtaine 2019, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an sainordú caibidlíochta páirteach tosaigh. An 5 Deireadh Fómhair 2020, thug Coiste na mBuanionadaithe an sainordú páirteach don chaibidlíocht cothrom le dáta chun na Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 agus an Pacáiste Téarnamh a glacadh ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17, 18, 19, 20 agus an 21 Iúil 2020 a chur san áireamh.

[1] ST 9536/18 + ADD 1.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 116.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 137.

6. Ar bhonn na sainorduithe sin, chuaigh Uachtaránacht na Fionlainne, na Cróite, na Gearmáine i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach a tugadh i gcrích an 2 Nollaig 2020.

7. An 18 Nollaig 2020, d'fhormheas Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí. An 20 Eanáir 2021, chuir Cathaoirleach Choiste REGI litir chuig Uachtaránacht na Comhairle ina léiríodh go molfadh sé don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

8. Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis an athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an [xxxx 2021], i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE.

## II. CUSPÓIR (Airteagal 1)

9. I gcomhréir le hAirteagal 176 CFAE, tá ceaptha do CFRE rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. De bhun an Airteagail sin agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú le héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus astu sin, tá aird ar leith le tabhairt ar chatagóirí áirithe réigiún, lena n-áirítear tagairt shonrach do réigiúin trasteorann.

10. Le Rialachán Interreg, glactar na forálacha sonracha is gá a bhaineann le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (‘Interreg’) ina gcomhoibríonn Ballstát amháin nó níos mó agus a réigiúin thar theorainneacha maidir le clársceidealú éifeachtach lena n-áirítear forálacha maidir le cúnamh teicniúil, faireachán, meastóireacht, cumarsáid, incháilitheacht, bainistíocht agus rialú, agus bainistíocht airgeadais.

11. Maidir le tacaíocht do chláir Interreg ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais (an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR III), an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)), sainítear le Rialachán Interreg cuspóirí sonracha breise mar aon leis na rialacha chun na cistí sin a chomhtháthú i gcláir Interreg. Le Rialachán Interreg leagtar síos freisin an fhéidearthacht go nglacfadh tíortha agus críocha thar lear páirt i gcláir Interreg.

12. Maidir le tacaíocht do chláir Interreg ó chistí Interreg (CFRE agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais), sainítear i Rialachán Interreg na cuspóirí atá Interreg-shonrach, na critéir incháilitheachta le haghaidh na mBallstát, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta, tíortha agus críocha thar lear agus a réigiún, na hacmhainní airgeadais, agus na critéir maidir lena leithdháileadh.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### (a) Sraitheanna Interreg (Airteagal 3)

13. De réir sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, leanfar le cláir comhair trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach faoi Interreg. Tá údar maith le gach ceann de na cláir sin ar bhonn a fhiúntais féin agus coinneofar réimsí cláir rathúla.

14. Bunaithe ar an taithí a fuarthas ar chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta le linn na clárthréimhse 2014-2020 sna réigiúin is forimeallaí, i gcás nach ndearnadh a dhóthain simplithe le haghaidh údaráis na gclár agus na dtairbhithe mar gheall ar an dá shraith a chomhcheangal le chéile laistigh de chlár aonair de réir limistéar comhair, rinneadh sraith shonrach le haghaidh na réigiún is forimeallaí a bhunú chun go bhféadfaidh na réigiúin is forimeallaí oibriú i gcomhar lena dtíortha agus lena gcríocha comharsanachta ar an dóigh is éifeachtaí agus is simplí agus is féidir.

15. Faoi Interreg, tabharfaidh CFRE, agus (i gcás inarb infheidhme) ionstraimí maoinithe sheachtraigh ón Aontas tacaíocht do na sraitheanna seo a leanas:

- **Sraith A:** comhar trasteorann idir réigiúin chóngaracha chun forbairt réigiúnach chomhtháite chomhchuí a chur chun cinn idir réigiúin teorann chomharsanachta talún agus mhuirí;
- **Sraith B:** comhar trasnáisiúnta ar fud críocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe clár náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit, tríú tíortha agus tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear, d'fhonn céim níos airde de chomhtháthú críochach a bhaint amach;
- **Sraith C:** comhar idir-réigiúnach chun éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe a threisiú trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

  (a) clár Interreg na hEorpa,

  (b) clár URBACT,

  (c) an clár INTERACT, agus

  (d) an clár ESPON,

- **Sraith D:** comhar na réigiún is forimeallaí eatarthu féin agus leis na tríú tíortha comharsanachta nó leis na tíortha comhpháirtíochta comharsanachta nó leis na tíortha agus leis na críocha thar lear, nó le heagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach, nó roinnt díobh chun a gcomhtháthú réigiúnach agus a bhforbairt chomhchuí a éascú ina gcomharsanacht.

**(b) Cuspóirí Interreg-shonracha agus díriú téamach (Airteagail 14 agus 15)**

16. Rannchuidíonn CFRE, faoi Interreg, leis na cuspóirí sonracha faoi chuspóirí an bheartais comhtháthaithe. Mar sin féin, tá an liosta de na cuspóirí sonracha faoi na cuspóirí beartais éagsúla curtha in oiriúint do riachtanais shonracha Interreg chun go mbeidh idirghabhálacha de chineál CSE ann trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha faoi chláir Interreg. Ina theannta sin, cuirtear dhá chuspóir Interreg-shonracha isteach – 'rialachas comhair níos fearr' agus 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine'. Sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá cothromaíocht mhaith idir na cúig cinn de chuspóirí an bheartais comhtháthaithe agus an dá chuspóir Interreg-shonracha.

17. Sa chomhthéacs sin, le cláir faoi Interreg, féadfar tacú leis an gcuspóir Interreg-shonrach 'rialachas comhair níos fearr', trí cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) acmhainn institiúideach údarás poiblí a fheabhsú, go háirithe na cinn ar tugadh sainordú dóibh críoch shonrach a bhainistiú, agus acmhainn na ngeallsealbhóirí a fheabhsú freisin (gach sraith);

(b) riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí chomhar dlíthiúil agus riaracháin agus comhar idir saoránaigh, gníomhaithe na sochaí sibhialta agus institiúidí a chur chun cinn, go háirithe, d'fhonn constaicí dlíthiúla agus constaicí eile i réigiúin teorann a réiteach (sraitheanna A, C, D agus, i gcás inarb iomchuí, sraith B);

(c) an mhuinín fhrithpháirteach a chothú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí idir daoine a spreagadh (sraitheanna A, D agus, i gcás inarb iomchuí, sraith B);

(d) acmhainn institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí a fheabhsú chun straitéisí macrairéigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige a chur chun feidhme, chomh maith le straitéisí críochacha eile (gach sraith);

(e) an daonlathas inbhuanaithe a fheabhsú agus tacú le gníomhaithe na sochaí sibhialta agus lena ról ó thaobh próisis a athchóiriú agus ó thaobh aistriú chuig an daonlathas (gach sraith a bhfuil tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha agus críocha thar lear rannpháirteach inti); agus

f) gníomhaíochtaí eile chun tacú le rialachas comhair níos fearr (gach sraith).

18. Ar an taobh eile, féadfaidh cláir Interreg tacú chomh maith leis an gcuspóir Interreg-shonrach 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine', trí ghníomhaíochtaí i réimsí an bhainistithe trasnaithe teorann agus na soghluaisteachta agus an bhainistithe imirce, lena n-áirítear cosaint agus lánpháirtiú eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnach tríú tír (mar shampla imircigh agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta).

19. Féadfar suas le 20 % de na hacmhainní atá ar fáil do gach ceann de chláir Interreg A, B agus D, a leithdháileadh ar an gcuspóir Interreg-shonrach a bhaineann le 'rialachas comhair níos fearr' agus suas le 5 % ar an gcuspóir Interreg-shonrach 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine'.

20. Maidir le díriú téamach, i gcás gach ceann de chláir Interreg A, B agus D, déantar leis an gcomhaontú ar thángthas air leis an bParlaimint 60 % ar a laghad de na hacmhainní atá ar fáil a chur i leataobh do chuspóir beartais 2 (Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach) agus do dhá chuspóir beartais eile ar a mhéad, ach leithdháilfear 60 % ar a laghad, faoi chlár Interreg A, ar chuspóir beartais 2 agus ar chuspóir beartais 4 (Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta) agus ar dhá chuspóir beartais eile ar a mhéad.

**(c) Cistí do thionscadail bheaga (Airteagal 25)**

21. Tugtar daoine aonair le chéile ar an leibhéal áitiúil le tionscadail bheaga agus tá siad tábhachtach d'fhorbairt na gceantar teorann. Is tionscadail ar leith iad na tionscadail seo toisc raon feidhme cuibheasach beag a bheith acu agus méid na tacaíochta airgeadais is gá, dá réir sin, a bheith cuibheasach beag freisin. Áirithítear le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gur féidir tionscadail bheaga a chur chun feidhme go rathúil trí na socruithe is gá dá gcur chun feidhme a shimpliú dóibh agus trí rialacha soiléire a ionchorprú maidir lena rialachas.

22. Na faighteoirí deiridh laistigh de chiste do thionscadal beag, gheobhaidh siad tacaíocht tríd an tairbhí, agus déanfaidh siad na tionscadail bheaga a chur chun feidhme laistigh den chiste sin do thionscadail bheaga ('tionscadal beag'). Féadfar gur comhlacht dlíthiúil trasteorann nó grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) nó comhlacht a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige é an tairbhí. Laistigh de gach clár Interreg, beifear in ann cistí do thionscadail bheaga a bhunú toisc nach rachaidh an ranníocaíocht iomlán le cistí do thionscadail bheaga thar 20 % de leithdháileadh iomlán an chláir Interreg sin.

**(d) Rannpháirtíocht tríú tíortha nó tíortha comhpháirtíochta, tíortha agus críoch thar lear nó eagraíochtaí um lánpháirtiú réigiúnach nó um chomhar réigiúnach i gcláir Interreg faoi bhainistíocht chomhroinnte [Airteagail 53-60]**

23. Céim chun tosaigh é seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh i dtreo an comhar a shimpliú thar theorainneacha an Aontais. Chun tacar rialacha atá coiteann den chuid is mó a chur i bhfeidhm faoin mbainistíocht chomhroinnte sna Ballstáit rannpháirteacha agus sna tríú tíortha nó sna tíortha comhpháirtíochta, sna tíortha agus sna críocha thar lear nó sna heagraíochtaí um lánpháirtiú réigiúnach nó um chomhar réigiúnach atá rannpháirteach, beidh feidhm ag na 'gnáthrialacha' Interreg. Mar sin féin, tá gá le roinnt modhnuithe chun na rannpháirtithe nach bhfuil faoi cheangal ag dlí an Aontais a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos sa chaibidil seo rialacha sonracha maidir le húdaráis na gclár, modhanna bainistíochta, incháilitheacht, mórthionscadail bhonneagair, soláthar, bainistíocht airgeadais agus comhaontuithe maoinithe a thabhairt i gcrích.

24. An túsphointe is ea go nasctar incháilitheacht an chaiteachais le síniú an chomhaontaithe maoinithe ag an tríú tír, ag an tír chomhpháirtíochta nó ag an tír agus ag an gcríoch thar lear lena mbaineann. Féadfaidh údaráis inchomparáide comhfhreagairt d'údaráis clár Interreg sna tríú tíortha, sna tíortha comhpháirtíochta nó sna tíortha agus sna críocha thar lear. Beidh soláthar le haghaidh tairbhithe de réir na rialacha maidir le soláthar seachtrach mar a fhoráiltear sa Rialachán Airgeadais. Socrófar ráta cómhaoinithe, cé is moite de ráta cómhaoinithe náisiúnta, i gcás tacaíochta a thagann ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais nó i gcás ranníocaíocht bhreise a aistriú ó thríú tír, ó thír chomhpháirtíochta nó ó thír agus críoch thar lear.

**(e) Forálacha sonracha do bhainistíocht indíreach (Airteagal 61)**

25. Sa chomhaontú ar thángthas air leis an bParlaimint, foráiltear go bhféadfar cláir Interreg faoi chomhar na réigiún is forimeallaí (sraith D) a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach. Leagtar amach rialacha sonracha maidir leis an dóigh leis na cláir sin a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach faoi bhainistíocht indíreach.

## IV. CONCLÚID

25. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le tacaíocht ón gCoimisiún.

26. Creideann an Chomhairle gur pacáiste cothrom é an seasamh ar an gcéad léamh uaithi do gach clár Interreg a chumhdaítear leis an Rialachán seo do chlárthréimhse 2021-2027.